Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Feabhra 2020
(OR. en)

6194/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0009(NLE)**

**SCH-EVAL 29
FRONT 27
COMIX 63**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Feabhra 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5786/20 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar **an bhFrainc** maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i dtaca leis **na teorainneacha seachtracha aeir a bhainistiú** (Pointí Trasnaithe Teorann Aerfort Orly i bPáras agus Aerfort Nice) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar an bhFrainc maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i dtaca leis na teorainneacha seachtracha aeir a bhainistiú (Pointí Trasnaithe Teorann Aerfort Orly i bPáras agus Aerfort Nice), a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici ar an 20 Feabhra 2020.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar an bhFrainc maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i dtaca leis na teorainneacha seachtracha aeir a bhainistiú (Pointí Trasnaithe Teorann Aerfort Orly i bPáras agus Aerfort Nice)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é cuspóir an Chinnidh seo a mholadh don Fhrainc gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh agus meastóireacht á déanamh an athuair ar Schengen sa bhliain 2019 i dtaca leis na teorainneacha seachtracha a bhainistiú. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 201 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

1 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) In Aerfort Orly, tá rochtain ag póilíní teorann na Fraince ar bhunachar sonraí arna riar ag údarás an aerfoirt le faisnéis fíor-ama faoin líon paisinéirí agus eitiltí a bhfuil súil leo i sliotán áirithe ama ag teacht isteach nó ag imeacht. Feictear freisin sa bhunachar sonraí sin líon na bpaisinéirí atá sna scuainí. Baineann na póilíní teorann leas an as bhfaisnéis sin lena chinneadh an mó oifigeach céadlíne is gá sna hallaí teachta agus imeachta. Cuireann an córas ar chumas an oifigigh ceannais pleanáil foirne a dhéanamh roimh ré agus barrfheabhas a chur ar uainchláir foirne.

(3) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, go háirithe na ceanglais a bhaineann leis an leibhéal foirne do rialú teorann, na nósanna imeachta maidir le seiceálacha teorann, an bonneagar, anailís riosca a úsáid chun tacú le seiceálacha teorann agus úsáid an Chórais Faisnéise Víosaí, ba cheart tús áite a thabhairt do na moltaí cur chun feidhme seo a leanas: 2 go 7, 9 go 12, 16 go 20, 23 go 27, 29 go 36.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí na mBallstát. Laistigh de thrí mhí ó dháta a ghlactha, ba cheart don Fhrainc, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, plean gníomhaíochta a bhunú lena liostaítear na moltaí uile agus na bearta atá le déanamh chun na moltaí sin a chur chun feidhme agus chun aon easnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas agus an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle,

MOLANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

gur cheart don Fhrainc

1. féachaint chuige go gcuirfidh na gardaí teorann a dhéanann seiceálacha céadlíne agus dara líne, go gcuirfidís feabhas ar a gcuid Béarla;

2. an comhar idir Custaim agus DCPAF a fheabhsú tuilleadh trína áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis a chomhroinnt ar bhealach níos fearr nó trí tháirgí coiteanna anailíse riosca a chruthú;

3. pleananna teagmhasacha i scríbhinn a bhunú lena gcumhdófar gach cás a bhaineann le himirce agus rialú teorann ag na haerfoirt;

4. féachaint chuige go gcuirfidh gardaí teorann na chéad líne feabhas ar an gcur amach atá acu ar tháscairí sonracha riosca a bhaineann le trodaithe féideartha sceimhlitheoireachta;

5. féachaint chuige go gcuirfear oiliúint ar níos mó gardaí teorann i dtaobh anailís riosca agus go n-ullmhófar táirgí anailíse riosca go córasach agus go rialta;

6. leas a bhaint as uirlisí na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta ar mhaithe le hanailís riosca agus próifílí riosca agus táscairí riosca a scaipeadh tríd an inlíon ionas go mbeidís ar fáil do na gardaí teorann go léir;

7. féachaint chuige go mbainfear leas as fhaisnéis faoi dhiúltú cead isteach ar mhaithe le hanailís riosca agus féachaint ar na sonraí sin a chlárú go leictreonach lena n-úsáid ar bhealach níos éifeachtúla;

8. féachaint chuige go dtabharfar an fhoirm lena gcuirtear cuspóir agus nósanna imeachta in iúl do phaisinéirí tríú tír atá faoi réir seiceáil chuimsitheach dara líne, go dtabharfar an fhoirm do na paisinéirí sin a ndéanfar an seiceáil sin orthu i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Chód Teorainneacha Schengen;

9. féachaint chuige go rachfar i mbun na hanailíse riosca go hiomlán i gcomhréir le Comhshamhail den Anailís Chomhtháite Riosca 2.0 agus i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach;

10. féachaint chuige go nglacfaidh na gardaí teorann páirt i gcúrsaí oiliúna agus i ngníomhaíochtaí eile a eagróidh EBCGA;

***Pointe trasnaithe teorann Aerfort Orly***

11. córas oiliúna níos cuimsithí agus níos rialta a bhunú lena áirithiú go mbeidh cur amach leordhóthanach ar na nósanna imeachta rialaithe teorann;

12. féachaint chuige go ndéanfar seiceáil bheacht ar náisiúnaigh tríú tír ag an teorainn agus go mbainfear leas níos mó as an trealamh atá ar fáil chun doiciméid bhrionnaithe a bhrath;

13. an trealamh is gá (e.g. micreascóp) a shuiteáil sna hoifigí dara líne i ngach críochfort lena áirithiú go bhféadfar seiceálacha dara líne a dhéanamh go beacht i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen;

14. féachaint chuige go bhfuil comharthaíocht chuí shoiléir in úsáid, ionas nach mbeadh mearbhall ar náisiúnaigh AE/LEE/CH ná ar náisiúnaigh tríú tír a thagann isteach i gCríochfort 4;

15. an nós imeachta céad líne a fheabhsú ionas go ndéanfar an tseiceáil chuí ar phaisinéirí, ar bhaill den fhoireann eitilte, ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus ar fhoireann an aerfoirt, tríd an lána don chriú a scaradh ó lána na ngnáthphaisinéirí;

16. féachaint chuige go ndéanfar cosán limistéar Schengen i gCríochfort 3 a scaradh go hiomlán ó chosán na dtíortha sin nach dtagann faoi chóras Schengen i gcomhréir le pointe 2.1.1 d'Iarscríbhinn VI de Chód Teorainneacha Schengen;

*Pointe trasnaithe teorann Aerfort Nice*

17. feabhas a chur ar ábhar an chláir oiliúna ionas go mbeidh níos mó oiliúna ar fáil a bhaineann go sonrach le seiceálacha teorann, go háirithe maidir le forálacha Chód Teorainneacha Schengen, ach freisin maidir le hábhair eile a bhaineann le bainistiú teorainneacha amhail anailís riosca agus cearta shaoránaigh AE/LEE/CH agus a mbaill teaghlaigh;

18. líon na mball foirne a bhíonn ag déileáil le seiceálacha teorann a mhéadú láithreach chun ardleibhéal rialaithe éifeachtúil aonfhoirmeach a áirithiú de réir mar a cheanglaítear in Airteagail 15 agus 16 de Chód Teorainneacha Schengen;

19. gan foireann chúltaca a úsáid ach le haghaidh cúraimí tacaíochta amháin, seachas seiceálacha teorann, mura bhfuil an oiliúint chuí orthu;

20. féachaint chuige go ndéanfar seiceálacha teorann ar dhaoine ar eitiltí príobháideacha i gcomhréir le forálacha mhír 2.3 d'Iarscríbhinn VI de Rialachán 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen) tríd an Dearbhú Ginearálta a fháil roimh ré;

21. féachaint chuige go bhfuil an trealamh cuí seiceála doiciméad (solas UV, gloine formhéadúcháin, léitheoir méarlorg) ar fáil i mboth an rialaithe i gCríochfort na hEitlíochta Ginearálta;

22. feabhas a chur ar an gcumarsáid idir an paisinéir agus an garda teorann tríd an ngloine tosaigh sna bothanna rialaithe i gCríochfort 2 a chur in oiriúint;

23. bacainní fisiciúla a shuiteáil idir na bothanna sa halla teachta i gCríochfort 1 ionas nach mbeifear in ann dul timpeall ar sheiceálacha teorann;

24. féachaint chuige go mbeidh cumarsáid chuí idir na hoifigigh chéad líne agus na hoifigigh dara líne, go mbeidh teacht ar oifigigh dara líne ionas nach gá d'oifigigh céadlíne an both a fhágáil agus paisinéirí á n-aistriú acu go dtí an dara líne;

25. an trealamh is gá a shuiteáil san oifig dara líne i gCríochfort 2 agus an dara hoifigeach dara líne a aistriú go Críochfort 2 go buan a fhágfadh go mbeadh duine ann i gcónaí lena áirithiú go bhféadfar seiceálacha dara líne a dhéanamh go beacht i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen;

26. féachaint chuige go mbeidh seisiúin faisnéise ann go rialta do gach seal oibre chun faisnéis ábhartha nuashonraithe a chomhroinnt maidir le táscairí riosca, próifílí riosca agus gnáthmhodhanna oibre na coireachta trasteorann;

27. líon na stampaí a mhéadú agus nós imeachta clárúcháin na stampaí a fheabhsú ionas go mbeidh céannacht gach garda teorann dá sanntar stampa ar leith ag aon am ar leith soiléir i gcónaí chun ceanglais Iarscríbhinn II (f) de Chód Teorainneacha Schengen a chomhlíonadh;

28. féachaint chuige go ndéanfar céannacht shealbhóir an víosa agus barántúlacht na víosa a fhíorú go córasach trí leas a bhaint as uimhir an ghreamáin víosa i gcomhar le fíorú mhéarloirg shealbhóir an víosa i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán VIS;

29. féachaint chuige go ndéanfar seiceálacha teorann i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen, go háirithe trí sheiceálacha críochnúla a dhéanamh ar theacht isteach do náisiúnach tríú tír trí leas a bhaint as próifílí riosca agus as an trealamh atá ar fáil chun doiciméid bhrionnaithe a bhrath;

30. féachaint chuige, mar ábhar práinne, go socrófar cliseadh teicniúil an Chórais Faisnéise Víosaí agus go ndéanfar seiceálacha i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 maidir le VIS;

31. feabhas a chur ar fheidhmíocht an bhonneagair teileachumarsáide a fhónann do ghardaí teorann céadlíne chun bunachair sonraí náisiúnta, SIS II, SLTD Interpol agus VIS a cheadú;

32. féachaint chuige go ndéanfar barántúlacht na sonraí bithmhéadracha atá stóráilte ar shlis an phas a sheiceáil i gcónaí de réir mar a cheanglaítear in Airteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen;

33. socruithe riachtanacha a dhéanamh, mar ábhar práinne, lena áirithiú go sroichfidh paisinéirí ar eitiltí a thagann isteach ó thíortha nach dtagann faoi chóras Schengen na seiceálacha teorann céadlíne ag am difriúil nó go mbeidh siad scartha go soiléir ó na paisinéirí a thagann isteach ar eitiltí limistéar Schengen agus na dálaí a thabhairt i gcomhréir le hIarscríbhinn VI (2.1.3.) de Chód Teorainneacha Schengen;

34. féachaint chuige go stampálfar doiciméid taistil náisiúnach tríú tír i gcomhréir le caighdeáin Schengen mar a shonraítear in Airteagal 11 agus in Iarscríbhinn IV de Chód Teorainneacha Schengen agus i roinn 1.4 de Lámhleabhar Schengen;

35. féachaint chuige go gcuirfear deireadh leis an gcleachtas ‘stampaí cuimhneacháin’ a ghreamú ionas go mbeifear ag teacht leis na ceanglais stampála a leagtar síos in Airteagal 11 agus in Iarscríbhinn IV de Chód Teorainneacha Schengen;

36. smachtbhannaí a fhorchur ar aeriompróirí i gcomhréir le Treoir 2001/51 CE.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*